**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0250/2022**

14.10.2022

# TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme na straitéise iasachtaíochta chun NextGenerationEU, ionstraim théarnaimh an Aontais, a mhaoiniú
(2021/2076(INI))

An Coiste um Buiséid

Comhrapóirtéirí: José Manuel Fernandes, Valérie Hayer

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................11
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........12

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar chur chun feidhme na straitéise iasachtaíochta chun NextGenerationEU, ionstraim théarnaimh an Aontais, a mhaoiniú**
**(2021/2076(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint d'Airteagal 5(3) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (An Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse)[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19[2],

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, agus freisin maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do na blianta 2021 go 2027[4], lena n-áirítear na dearbhuithe comhpháirteacha agus aontaobhacha a comhaontaíodh mar chuid de CAI,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le straitéis iasachtaíochta nua chun NextGenerationEU a mhaoiniú (COM(2021)0250),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (COM(2021)0570),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640) agus do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 ina leith[5],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, agus freisin d'Airteagal 1(1)(e) de chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0250/2022),

A. de bhrí, leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, go dtugtar de chumhacht don

[1] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[2] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.
[3] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[4] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
[5] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.

Choimisiún cistí nach mó ná EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 a fháil ar iasacht idir 2021 agus 2026 ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais chun críche aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 trí NextGenerationEU (NGEU), ionstraim théarnaimh an Aontais, agus chun na críche sin amháin; de bhrí go bhféadfar EUR 360 billiún i bpraghsanna 2018 a úsáid chun iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit agus go bhféadfar EUR 390 billiún a úsáid go díreach le haghaidh chaiteachas an Aontais;

B. de bhrí go bhfuil aisíocaíocht na gcistí arna bhfáil ar iasacht agus aisíocaíocht an úis ghaolmhair le seasamh ag buiséad an Aontais agus sceidealta ar shlí lena n-áiritheofar laghdú seasta agus intuartha dliteanas go dtí an 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí; de bhrí go ndearnadh méadú 0.6 % ar uasteorainneacha na n-acmhainní dílse chun dliteanais uile an Aontais arna n-eascairt as iasachtaíocht NGEU a chumhdach;

C. de bhrí gur ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún treochlár dlícheangailteach i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach d'fhonn cistí leordhóthanacha a ghiniúint chun an caiteachas ionchasach i dtaca le haisíocaíocht NGAE a chumhdach, agus nach ndéantar, dá bhrí sin, laghdú leis ar chistiú le haghaidh chláir agus bheartais an Aontais;

D. de bhrí, faoin gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, nach mór don Choimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go cuimsitheach ar bhonn rialta faoi gach gné dá straitéis bainistithe fiachais, lena n-áirítear féilire eisiúna lena ngabhann dátaí eisiúna agus méideanna ionchasacha don bhliain atá amach romhainn, agus plean ina leagtar amach na híocaíochtaí príomhshuime agus úis a bhfuiltear ag dréim leo;

E. de bhrí gur socraíodh an méid iomlán arna chlársceidealú le haghaidh NGEU agus íocaíocht an chúpóin thréimhsiúil agus na fuascailte tráth na haibíochta (costais aisíocaíochta EURI) ag EUR 14.7 billiún don tréimhse 2021-2027;

***An réasúnaíocht le hiasachtaíocht i gcás NextGenerationEU***

1. á chur i bhfáth gurb é NGEU an clár comhiasachtaíochta is mó agus an chéad chlár comhiasachtaíochta de chuid an Aontais lena ndéantar, ní hamháin iasachtaí a thabhairt do na Ballstáit, ach, chomh maith leis sin, lena soláthraítear caiteachas díreach bhuiséad an Aontais atá leabaithe i bhfíorchláir agus i bhfíorbheartais de chuid an Aontais; á chur i bhfios go láidir go gcuireann fiachas coiteann an Aontais arna bhainistiú ag an gCoimisiún borradh faoi mhéid, tionchar agus breisluach bhuiséad an Aontais, lena dtacaítear, dá bhrí sin, leis an téarnamh i ndiaidh COVID-19 agus lena gcuirtear tosaíochtaí fadtéarmacha an Aontais i gcrích, go háirithe na haistrithe glasa agus digiteacha;

2. á chur i bhfios go bhfágann clár iasachtaíochta NGEU, lena mheánmhéideanna iasachtaíochta bliantúla de EUR 150 billiún go dtí 2026, go bhfuil an tAontas ina phríomhghníomhaí ar na margaí caipitil, go bhfuil sé ar comhchéim le móreisitheoirí ceannasacha Eorpacha eile, agus go bhfuil sé ar an eisitheoir fornáisiúnta is mó agus ar an eisitheoir is mó bannaí glasa;

3. á chur i bhfios go láidir go ndéanfar rath na straitéise iasachtaíochta a mheas as a cumas na cistí is gá a thiomsú le haghaidh chur chun feidhme NGEU ar na margaí caipitil ar

bhealach tráthúil agus ar chostas measartha íseal, agus an fiachas a aisíoc faoi 2058 ar bhonn próifíl atá rianúil agus intuartha, gan plódú a dhéanamh ar chaiteachas cláir atá seanbhunaithe faoi uasteorainneacha CAI agus lena gcuirfí gníomhaíocht an Aontais sa todhchaí i mbaol; á chur i bhfáth nár cheart go gcuirfeadh eisiúint an Aontais isteach ar na coinníollacha iasachtaíochta d'eisitheoirí Eorpacha eile agus gur cheart ról dearfach a bheith aici fiú ar na margaí caipitil, go háirithe trí riar ar éileamh infheisteoirí ar shócmhainní arna sloinneadh in euro agus ar tháirgí nua amhail bannaí glasa;

***Tuairisc agus measúnú ar an straitéis iasachtaíochta NextGenerationEU go dtí seo***

4. ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún clár cistiúcháin nua agus mór a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus go ndearna sé a acmhainneachtaí bainisithe fiachais a mhéadú go mear agus go héifeachtúil; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na chéad eisiúintí ar luas seasta in 2021 agus go raibh siad uile ró-shuibscríofa go mór, rud a bhí ina léiriú ar mhórspéis infheisteoirí agus a d'fhág gurbh fhéidir leis an gCoimisiún a spriocanna cistiúcháin a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di, mar atá comhsheasmhach le rátáil AAA an Aontais, go ndearnadh táirgí an Aontais a thrádáil ar rátaí úis tarraingteacha, atá ar aon dul le rátaí eisitheoirí móra Eorpacha agus fornáisiúnta eile;

5. á aithint go bhfuil an straitéis chistiúcháin a ghlac an Coimisiún éagsúlaithe agus go dtairiscítear léi réimse leathan táirgí (banna agus billí) agus aibíochtaí (ó 3 mhí go 30 bliain) trí mhodhanna eisiúna éagsúla (idirbhearta agus ceantanna sindeacáite) agus ar sceideal rialta;

6. ag cur sonrú sa chinneadh ón gCoimisiún dul ar iontaoibh Líonra mór na bPríomhdhéileálaithe, ar comhpháirtithe tábhachtacha iad chun margaí príomhúla agus tánaisteacha dea-fheidhmiúla a áirithiú agus chun tuairisciú don Choimisiún maidir le dálaí an mhargaidh; ag meabhrú don Choimisiún a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bainc a gceanglais dhlíthiúla agus go lorgófar cothromaíocht gheografach níos fearr ó thaobh ballraíochta de laistigh de Líonra na bPríomhdhéileálaithe agus ó thaobh ról ceannasach na n-idirbheart sindeacáite de araon; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh dreasachtaí agus oibleagáidí leordhóthanacha ag comhaltaí Líonra na bPríomhdhéileálaithe chun a ról a chur i gcrích;

7. ag cur sonrú sna cinntí iasachtaíochta bliantúla agus na pleananna cistiúcháin a d'fhoilsigh an Coimisiún go dtí seo; á chur i bhfios go láidir go bhfuil trédhearcacht maidir le straitéis agus oibríochtaí iasachtaíochta an Choimisiúin ríthábhachtach chun go mbeadh comhordú rathúil ann le gníomhaithe margaidh eile agus chun cuntasacht a áirithiú, go háirithe do Pharlaimint na hEorpa, mar aon le feasacht agus úinéireacht i measc cinnteoirí agus an phobail i gcoitinne; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go mear agus go córasach trí shonraí imdhealaithe a sholáthar maidir leis na muirir uile a thabhaítear agus fiachas AE á eisiúint, lena n-áirítear muirir an Choimisiúin ar EURI mar chostais riaracháin chomh maith leis na costais arna dtabhú ag na Ballstáit agus iasachtaí á nglacadh acu faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF);

8. á thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le hiasachtaíocht bhliantúil agus leis na pleananna cistiúcháin leathbhliantúla, gur bhailigh an Coimisiún níos mó ná

EUR 113 bhilliún ar na margaí airgeadais amhail ó mhí an Mheithimh 2021, lena n-áirítear EUR 23 bhilliún i bhfoirm bannaí glasa agus bannaí lena ngabhann aibíochtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha; ag tabhairt aird chuí ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil maidir leis an gcineál infheisteora ar a ndéantar an dáileadh agus an dáileadh geografach; á iarraidh go leanfar de chumarsáid thrédhearcach a dhéanamh maidir le dul chun cinn na gceantanna bannaí agus na sindeacáití;

***Na héifeachtaí dearfacha agus na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag iasachtaíocht NextGeneration EU***

9. á chreidiúint, trí cheann de na heisitheoirí is mó bannaí san Eoraip a dhéanamh den Aontas, gur féidir tionchar dearfach a bheith ag NGEU ar chobhsaíocht agus leachtacht mhargaí caipitil an Aontais, gur féidir feabhas a chur ar ionchas eacnamaíochta an Aontais, comhlánú a dhéanamh ar struchtúr maicreacnamaíoch limistéar euro an Aontais agus ról idirnáisiúnta an euro a neartú; ag tabhairt dá haire go bhfuil NGEU teoranta ar bhonn dlíthiúil ó thaobh méide agus ama de, agus go bhféadfadh ról níos mó tionchair fós a bheith aici mar fhoinse sócmhainní sábháilte agus chabhrach chun margaí airgeadais an Aontais a chomhtháthú agus athléimneacht an Aontais a threisiú, ar choinníoll go dtugtar aird chuí ar na ceachtanna; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go gcuireann saoltacht agus méid chlár iasachtaíochta NGEU teorainn le hacmhainneacht bannaí an Aontais ó bheith ina bhfíorshócmhainní sábháilte, chun freastal ar fheidhmiú cuí na margaí airgeadais agus chun cobhsaíocht an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun líon bhannaí NGEU gan íoc a choinneáil tar éis 2027 ar mhaithe le laghdú ar leachtacht a chosc go gairid tar éis don bhuaicphointe a bheith bainte amach ag deireadh chéim chaiteachais NGEU;

10. ag cur sonrú san éileamh ard a dhéantar ar fhiachas an Aontais agus ar chomhtháthú rianúil an fhiachais sin ar na margaí caipitil; á iarraidh ar an gCoimisiún seasamh fhiachas an Aontais a chomhdhlúthú trí phróifíl na n-infheisteoirí a éagsúlú, trí mhargaí tánaisteacha a spreagadh agus trí dheireadh a chur le bacainní teicniúla, amhail teorainneacha ceannaigh an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an caolchorrlach níos airde a chuirtear i bhfeidhm ar bhannaí an Aontais i gcomparáid le bannaí ceannasacha náisiúnta laistigh dá chreat comhthaobhachta;

11. á thabhairt chun suntais, áfach, go bhféadfadh an tAontas tagarmharcanna a shocrú don infheistíocht inbhuanaithe mar an t-eisitheoir domhanda is mó bannaí glasa, agus freisin trína bhonn infheisteoirí a éagsúlú agus trí chostais iasachtaíochta níos ísle a dhaingniú; á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag bannaí glasa i maoiniú na sócmhainní is gá don aistriú ísealcharbóin; á chur in iúl gur geal léi go n-úsáidtear ardchaighdeáin inbhuanaitheachta i gcreat bannaí glasa an Choimisiúin; ag tathant ar an gCoimisiún cosc a chur ar ghlas-snasú d'aon chineál agus tuairisciú ardcháilíochta a áirithiú maidir leis an úsáid a bhaintear as fáltas ionas nach gcuirfear an phréimh ghlas i mbaol; ag tabhairt dá haire go bhfeidhmíonn an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' mar chaighdeán le haghaidh caiteachas arna mhaoiniú faoi NGEU; á chur i bhfáth, trí chuid d'fhiachas NGEU a eisiúint mar bhannaí glasa, go bhfuil sé de fhreagracht ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na gealltanais a tugadh i leith infheisteoirí maidir le caiteachas aeráide, agus ag dréim leis go gcomhlíonfaidh an Coimisiún a ghealltanas ina iomláine chun tionscadail fhadhbacha a eisiamh ó bheith á maoiniú le bannaí glasa a luaithe a ardófar

aon ábhair imní chuí-réasúnaithe maidir le glas-snasú; á chur in iúl gur geal léi Deais Bannaí Glasa NGEU, leathanach gréasáin idirghníomhach ar a bhfuil faisnéis maidir le hinfheistíochtaí arna maoiniú ó na bannaí glasa[6];

12. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart don Choimisiún bearta iniúchóireachta stóinsithe a úsáid chun cur chun feidhme cuí RRF a áirithiú, go háirithe chun an riosca a bhaineann le glas-snasú d'aon chineál a laghdú, agus i bhfianaise chumraíocht uathúil NGEU, trína dtiomsaíonn an Coimisiún cistí i margaí caipitil agus ina bhfuil sé freagrach i leith infheisteoirí, ach gurb iad na Ballstáit a chaitheann an t-airgead go hiarbhír; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, cloí leis na gealltanais a thug siad ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, na gealltanais sin a chur chun feidhme go cuí agus go hiomlán, agus tuairisciú críochnúil a chur ar fáil don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna;

13. ag tabhairt dá haire, in ainneoin a scála, go bhfuil maolú rathúil déanta ag NGEU go dtí seo ar an riosca go ndéanfaí an t-éileamh atá ar bhannaí ceannasacha Eorpacha eile a phlódú amach; ag cur béim ar an bhfíoras, trí mhargadh ceannasach an limistéir euro a dhéanamh níos tarraingtí, go háirithe d'infheisteoirí nach as an Aontas dóibh, go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag eisiúint NGEU ar an éileamh ar urrúis arna n-eisiúint ag gníomhaithe eile Eorpacha sa mhargadh; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag comhordú go dlúth le gníomhaireachtaí fiachais na mBallstát agus leis an mBanc Ceannais Eorpach, leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé trádáil fhiachas an Aontais a leathadh trí stocmhalartáin eile an Aontais i gcomhréir le prionsabail aontas na margaí caipitil;

14. á áitiú, thairis sin, go bhfuil tionchar dearfach ag NGEU ar tharraingteacht agus inbhuanaitheacht fhiachais na mBallstát trí choinníollacha iasachta arna rátáil ag AAA a thairiscint do gach Ballstát trí iasachtaí RRF, lena gcabhraítear le torthaí ceannasacha a ísliú go suntasach agus deontais a lascainiú ó ríomh an fhiachais náisiúnta, chomh maith le teachtaireacht láidir a thabhairt do na margaí airgeadais faoi athléimneacht agus comhtháthú an limistéir euro agus an Aontais;

15. á chreidiúint go léirítear le NGEU na buntáistí a bhaineann le freagairt ghéarchéime níos uaillmhianaí, níos comhchoitinne agus níos daonlathaí ar leibhéal an Aontais; á mheas go bhféadfaí an bhraistint mhuintearais atá ag saoránaigh an Aontais leis an Aontas Eorpach a mhéadú trí dheis a thabhairt dóibh bannaí an Aontais a cheannach go díreach; á iarraidh ar an gCoimisiún sásra simplí agus trédhearcach a fhorbairt ina leith sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil an cleachtas sin cheana ann i roinnt Ballstát; á chreidiúint go mbeadh na tairbhí eacnamaíocha suntasach agus go mba mhó iad ná costais an chur chun feidhme; ag tabhairt dá haire gur neartaíodh an mhuinín as athléimneacht an Aontais agus a Bhallstát leis an tacaíocht shubstaintiúil ghéarchéime a chistítear le heisiúint fiachais chomhpháirtigh agus go n-aithníonn rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais go forleathan go bhfuil an t-ollstruchtúr airgeadais Eorpach níos stóinsí; á chur i bhfios go láidir go léirítear le cur chun feidhme rathúil NGEU go bhfuil freagairt leormhaith tugtha ag an Aontas ar iarmhairtí eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19; á iarraidh ar institiúidí uile an Aontais, dá bhrí sin, a áirithiú go gcomhlíonann an tAontas a chuid gealltanas, lena n-áirítear trí fhís pholaitiúil

[6] https://ec.europa.eu/info/strategy/eu-budget/eu-borrower-investor-relations/nextgenerationeu-green-bonds/dashboard_en

fhadtéarmach a sholáthar;

16. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, na dúshláin nua a bhaineann leis an easpa slándála sa timpeallacht dhomhanda mar thoradh ar fhogha neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus an méadú géar ar bhoilsciú agus ar rátaí úis, lena ndéantar difear d'eisitheoirí ceannasacha; ag tabhairt rabhaidh go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais an chistithe i ngeall ar dhálaí dúshlánacha an mhargaidh agus go bhfuiltear ag dréim le héiginnteachtaí ollmhóra i dtimpeallacht an leasa fhad-téarmaigh; ag beartú go mbeidh tionchar aige sin ar líne aisíocaíochta EURI i mbuiséad an Aontais; á thabhairt faoi deara, agus é ina chúis bhuartha di, go bhfuil tionchar ag costais athmhaoiniúcháin ar infhaighteacht na gcistí atá ann faoi Cheannteideal 2b, ar costais iad atá níos airde ná na costais atá cláraithe cheana féin agus go bhfuil siad fiú ag ídiú infhaighteachtaí teoranta na n-ionstraimí speisialta le linn an nós imeachta buiséid bhliantúil; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid agus an t-údarás buiséadach a chur ar an eolas go rialta; á aithint go bhfuil ar an gCoimisiún oibriú i margadh atá thar a bheith éiginnte agus atá lasmuigh den raon eatramh muiníne 99 %; á mheabhrú gur cheart gach íocaíocht de ranníocaíochtaí airgeadais leis na Ballstáit a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2026, mar a leagtar síos faoi Rialacháin EURI agus RRF, ach go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar an spriocdháta sin; á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le leasú a dhéanamh ar Rialacháin EURI agus RRF araon de bharr na n-athruithe sin;

17. á mheas nach féidir leas a bhaint as lánacmhainneacht NGEU ach amháin má chuirtear na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta uile chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa acmhainneacht ionsúcháin airgeadais atá ag roinnt Ballstát; á chur in iúl gur oth léi an dinimic a tharla i roinnt Ballstát trínar cuireadh moill ar chur chun feidhme chistí traidisiúnta an Aontais chun cistí RRF a ionsú ar bhonn níos tapúla; ag spreagadh na mBallstát úsáid iomlán agus chomhsheasmhach a bhaint as na hiasachtaí a chuirtear ar fáil faoi NGEU;

18. á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le tuilleadh infheistíochta i mbeartais an Aontais chun iomaíochas agus neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a neartú, go háirithe i ndáil leis an tionscal agus i ndáil leis an ngníomhú ar son na haeráide; á mheas nach réiteach fadtéarmach inmharthana iad ath-leithdháiltí buana chun tosaíochtaí an Aontais a mhaoiniú agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hacmhainní breise; á mheabhrú go dtugtar chun suntais leis an athrú aeráide chomh maith leis an gcogadh atá ar siúl san Úcráin, go bhfuil géarghá le deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar thríú tíortha in earnálacha bunriachtanacha de chuid a gheilleagair, amhail fuinneamh, amhábhair, tionscal agus talmhaíocht; á mheas, i dtaca leis sin, go bhfuil an fógra a rinne Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, maidir le Ciste Eorpach Ceannasachta a chruthú i gcomhréir le rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022[7] agus le ráiteas ó Chomhdháil na nUachtarán an 30 Meitheamh 2022 maidir le Clár Oibre 2023 an Choimisiúin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, tuilleadh machnaimh a dhéanamh, i gcomhréir leis na moltaí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ar iasachtaíocht chomhchoiteann ar leibhéal an Aontais d'fhonn dálaí iasachtaíochta níos fabhraí a chruthú, agus beartais fhioscacha fhreagracha á gcoimeád ar leibhéal na mBallstát ag an am céanna; á chur in iúl gur oth léi cruthú agus úsáid

[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Bealtaine 2022 maidir leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha atá ag cogadh na Rúise san Úcráin don Aontas – ag treisiú inniúlacht ghníomhaíochta an Aontais (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0219).

chórasach ionstraimí, cistí agus clár coiteann iasachtaíochta, lena n-áirítear NGEU, a dhéantar lasmuigh de raon feidhme bhuiséad an Aontais agus gan aon ghrinnscrúdú ná rialú a bheith déanta ina leith ag an údarás buiséadach; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe agus cláir nó ionstraimí uile an Aontais a bheidh ann amach anseo a bhuiséadú; á iarraidh go mbeadh Parlaimint na hEorpa rannpháirteach go hiomlán i ngach cás trí chomhchinnteoireacht;

***Buiséad an Aontais agus acmhainní dílse nua***

19. á chur i bhfios go mbeidh iarmhairtí díreacha ag gnéithe iasachtaíocht NGEU ar aisíocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais go ceann na ndeicheanna de bhlianta; á áitiú, dá bhrí sin, go ndéanfar an tseirbhís fiachais a bharrfheabhsú agus go n-áiritheofar próifíl fiachais réidh chun an t-ualach a bheidh ann amach anseo a scaipeadh go cothrom;

20. á chur i bhfios go láidir go bhfuil méadú suntasach tagtha ar acmhainneacht iasachtaithe agus iasachtaithe an Aontais le NGEU; á áitiú gur gá ról a bheith ag an údarás buiséadach ag gach céim den phróiseas iasachtaithe agus iasachtaíochta; ag meabhrú go gceanglaítear ar an gCoimisiún, faoin gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, plean íocaíochtaí príomhshuime agus úis ionchasacha, a thabharfar cothrom le dáta go rialta, a fhoilsiú, a bheidh le plé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle sna cruinnithe idirinstitiúideacha rialta ar NGEU;

21. ag athdhearbhú a héilimh dhaingean gur cheart na leithreasuithe buiséadacha i gcás chostais aisíocaíochta EURI a iontráil i mbuiséad an Aontais sa bhreis ar uasteorainneacha CAI chun na corrlaigh agus na sásraí solúbthachta a choimirciú chun na gcríoch atá beartaithe dóibh; á iarraidh go ndéanfar na modhnuithe ábhartha ar Rialachán CAI le linn athbhreithniú meántéarma ar CAI;

22. á chreidiúint go daingean go ndéanfar rath NGEU, agus go háirithe inchreidteacht agus inbhuanaitheacht a mhaoinithe, a mheasúnú freisin i gcomórtas le cumas an Aontais an fiachas coiteann a aisíoc le hacmhainní dílse nua san earnáil comhshaoil agus chorparáideach, seachas le holl-ranníocaíochtaí ioncam-bhunaithe náisiúnta méadaithe ó na Ballstáit;

23. á thabhairt chun suntais gur príomhchumasóir iad acmhainní dílse nua don Aontas chun a thosaíochtaí beartais a chur chun feidhme, go páirteach i ngeall ar an ngá atá le hinfheistíocht mhéadaithe a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar neamhspleáchas fuinnimh agus chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar an tionchar sóisialta atá ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas; á chur i bhfáth go seachnófaí ciorruithe ar chláir de chuid an Aontais amach anseo dá dtabharfaí isteach na hacmhainní dílse nua sin, rud a bhainfeadh an bonn ó chuspóir agus tairbhí fadtéarmacha an phlean téarnaimh; á chreidiúint go mbainfí tairbhí marthanacha amach trí acmhainní dílse nua a tabhairt isteach, mar a comhaontaíodh i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 atá ceangailteach ó thaobh dlí de, ní hamháin maidir le beartais an Aontais a chur i gcrích, ach freisin maidir le seasamh an Aontais mar eisitheoir fiachais inchreidte agus cliste a áirithiú; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, bogadh ar aghaidh chomh mear agus is féidir agus dlús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcéad chiseán den ghlúin nua d’acmhainní dílse an Aontais, mar a thugtar-uirthi, bunaithe ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ar

Cholún I de chomhaontú idirnáisiúnta ECFE maidir le cánachas íosta cuideachtaí ilnáisiúnta, mar a leag an Coimisiún amach an 22 Nollaig 2021; ag tathant ar an gComhairle an chéad chiseán d'acmhainní dílse a fhormheas roimh dheireadh 2022;

24. ag tabhairt dá haire, áfach, nár leor na fáltais mheasta ó na trí acmhainn dílse sin chun fiachas iasachta NGEU a chumhdach; ag athdhearbhú a héilimh, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Coimisiún togra ar aghaidh don dara ciseán d'acmhainní dílse nua roimh mhí na Nollag 2023, lena n-áirítear togra le haghaidh cáin ar idirbhearta airgeadais, chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh aisíocaíochtaí fiachais NGEU; á chur i bhfios go láidir an treochlár atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bunaíodh faoin gComhaontú Idirinstitiúideach; á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise na ndúshlán eacnamaíoch a bhí ann le déanaí, a bheith níos uaillmhianaí fós agus gan an fhéidearthacht acmhainní dílse atá nuálach, nua agus – iarbhír más féidir – a chur as an áireamh;

°

° °

25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 10.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 0<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Lefteris Christoforou, David Cormand, Andor Deli, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Silvia Modig, Karlo Ressler, Bogdan Rzońca, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Jonás Fernández, Petros Kokkalis, Jan Olbrycht, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Claudia Gamon, Thijs Reuten, Ramona Strugariu, Cristian Terheş |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 27 | + |
|---|---|
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Maria da Graça Carvalho, Lefteris Christoforou, Niclas Herbst, Janusz Lewandowski, Jan Olbrycht, Karlo Ressler, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| RENEW | Olivier Chastel, Claudia Gamon, Vlad Gheorghe, Nicolae Ştefănuță, Ramona Strugariu, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Camilla Laureti, Thijs Reuten, Nils Ušakovs |
| THE LEFT | Petros Kokkalis, Silvia Modig |
| VERTS/ALE | David Cormand, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca, Cristian Terheş |
| NI | Andor Deli |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh